

# Nótaí an Mhúinteora: Leaca Cré a Úsáid

le Gemma Mc Girr

**Ábhair Riachtanacha:** *Terracotta nó cré nádúrtha*  
*Clár adhmaid amháin nó píosa amháin cairtchláir an duine*  
*Buicéad plaisteach amháin le clúdach dlúth (chun an chré a stóráil)*  
*Scannán cumhdaithe*

Féadfaidh na leanaí leaca a dhéanamh trí chré a bhrú amach, an cré a ghreadadh nó í a rolladh amach le crann fuinte) (Is féidir crainn fhuinte saora a dhéanamh trí chos scuaibe a ghearradh ina fhíosaí.)

Is féidir leis na leanaí patrúin spéisiúla, línte de priontaí, patrúin chiorcalacha, patrúin athdhéanta de chearnóga srl. a dhéanamh trína méara a shá isteach sa chré.

Is féidir leis na leanaí patrúin líneacha a dhéanamh trí dhromchla na cré a phriocadh idir ordóg agus an mhéar thosaigh. Is féidir é seo a athdhéanamh ar gach cuid den leac. Is féidir leis na leanaí 'líníocht' a dhéanamh ar an gcré ar an gcaoi seo chun aghaidheanna agus ainmhithe fíora nó samhail a dhéanamh. Is féidir uigeachtaí eile a chur leis ag úsáid earraí faighte.

Féadfaidh na leanaí patrúin a dhéanamh ar an leac le modh corna is millín. Chun é seo a dhéanamh déantar corna míne cré a rolláil amach agus iad leagadh ar dhromchla na leice. Má fhliuchtar an leac ar dtús greamóidh an corna leis an dromchla. Is féidir na corna a bhrú air freisin chun dreach 'leacaithe' a thabhairt don saothar. Is coirníní beaga cré iad na millíní is féidir a chur leis ar an gcaoi chéanna chun uigeachtaí spéisiúla a dhéanamh agus sonraí a chur sa saothar. Bain triail as dearthaí Ceilteacha leis an modh seo.

Nuair a bhíonn leaca á n-úsáid ag na leanaí chun struchtúir a dhéanamh, déan cinnte go mbíonn siad greamaithe i gceart nó titfidh siad as a chéile nuair a thriomaíonn an chré. Is féidir é seo a sheachaint trí neart cleachtadh a fháil ar ghreamú. Beidh siad in ann cruthanna an-spéisiúla a chruthú leis na leaca trí iad a chuaradh, cruthanna a ghearradh as na leaca, uigeacht a chur leo.

Trí earraí faighte a bhrú isteach sa chré féadfaidh na leanaí a gcuid 'iontaisí bréige' féin a chruthú. Bheadh an-chuid spóirt acu ag socrú cad iad na hearraí a úsáidfídh siad chun a n-iarsmaí iontaise samhlaíocha féin a chruthú. I measc na n-earraí a d'fhéadfaí a úsáid bheadh cleití, cipíní, clocha, sliogáin, blúirí fabraice, sreang srl.

Féadfaidh na leanaí scríobh ar an leac le hiairglificí chun a scéal féin a insint. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh le hogham chomh maith.

Nuair a bhíonn an chré tirim féadfaidh na leanaí a ndearthaí féin a phéinteáil chun sonraí a chur leo, más mian leo.